Cumaill, no an cualais Find *cona* Fheind?” ar Findchadh. “Ni chuala ic tabairt a laime a
laim³⁰ thigerna oclach bad fherr ina Cailti mac Ronáin, ro bhuí ac Find, 7 Lugaidh
Lágha, ac Mac Con, 7 Dubh mac Salmhoir, ac Fathadh Canand.” “Fír amh sin,” ar siatt.
“Is sé so Cailti, 7 cia *thusa*, a macaim?” ar Findchad. “Irgal mac Muiredhaigh do Chorro
260 Dhuibhne mhisi,” ar in macaom, “*ocus* is lium leth na criche so i bhfuilí.” “Ma sead,” ar
siat, “athaigh chucainde, 7 fo-ghebhha cáin tsealga 7 chomarle uaind.”

Fornaidmis cach *ar* a cheile dhibh, 7 imthighes Irgal co a dhun fein. *Ocus* do
bhadar a mhuindtir ic aithfer imaitbher mar do léicset uaitbhibh a tigerna, 7 ro indis doibh
cur len in slicht co muir. Ro elo i frithing na *conaire cetna* a cind tri la 7 tri n-oidhchi, 7
265 ferthar caoinfhailti fris. “Fan *cetna* daibhsi,” ar sé, “a dhedhlaochu.” “In bhfilet scela
acut?” ar Cailti. “Eire fo lan gach maithusa,” ar in macaomh, “ba háil leamsa sén sealga
d’iarraidh oruibhsi.” “Tabair sén dó, a Fhindchaidh,” ar Cailti. “Do-ber,” ar Findcad.
“Tabhradh a coin 7 a dhaine leis Dia Ceadain tic 7 denadh sealg, 7 cid bé *cerfhiadh*
mharbhus fulachtadh 7 tabrad da mhuindtir 7 da chonaibh, 7 coimledh a fhuil fó
270 lamhaibh 7 fó armaibh a mhuindtire 7 fo fhiaclaibh a chon, 7 biaid *conach* sealga fair.”

Téit Irgal da thigh 7 tic Dia Ceadain do sheilc. *Ocus* dúiscigher damh
andreamnda allaidh leo 7 do tuit leo, 7 do-rinde mar adubert Findchadh friss 7 marbhus
fo a chomus na fiadha iar sin.

Táinic a cind tri la 7 tri n-oidchi *connuic* in fhianbhoith *cetna*. “In buidech don
275 tseilcc thú, a mhacaimh?” bhar iatsom. “Issam amh,” bhar eisiumh, “*ocus* oclaoch maith
ata a comhroind feraind frimsa .i. Ceallach mac Sealbaigh, fer beodha, 7 rí Muman acam
cothughadhhsa ina cheand. *Ocus* ar bportt flatha araon aici, 7 dob ail lemsa sén 7 solad da

³⁰ MS has “a laim a laim”.

indarbadh.” “Tabhuir an s  n ut, a Fhindchaidh,” ar Caitli. “Cuiredh a moghudha Dardain
tic,” ar Findchadh, “fon coill, 7 benadh caola in fhedha 7 tabhradh Dia hAine co portt
280 flatha. Ocus s  igh fein cleth gacha hairde and 7 bad leat in baile o sin amach, 7 taoth
Ceallach fein lett.”

T  inic Irgal da thigh 7 do-righne uile amhail adubhradh fris. T  inic fein 7 do
shaigh cleth cach   hairde isin baile. Ocus ro thinoil Ceallach mac Sealbaigh, lethr  
Chorco Dhuibhne, 7 it-connuirc Irgal sin. Ocus curus teachta co Ceallach do thabhairt
285 chomad d   co tisadh nert don tsen tucad do, 7    th  inic medhon laoi do-righne Irgal
comrac o  nfhir re Ceallach 7 do thuit lais a ndorus in baile, [195 v 1] 7 ro ghabh braighde
Chorco Dhuibhne tri sh  n 7 tri sholad, 7 do bu   isin bhaile sin co cend tri l   7 tri n-
oidhchi, 7 ro cuimnigh a aos cumtha 7 iarsma na Feinde.

Ocus tainic comuic in fhianbhoith a roibhe Caitli, 7 fertar faoilte fris. Ocus as    ba
290 ben d  , .i. Dubh Gr  ine inghen Chathail Croimchind, inghen brughadh d   f  in, 7 at-bert
s  : “Do-fhedar is lucht cumacht 7 dra  achta fuilet a caradradh mo cheile,” ar si, “uair ro
l  n rath, 7 ata do mh  d a alla 7 a chonaich co tibhre s   inghen righ no ro-fhlatha.” Ocus ro
  irigh 7 ro ghabh ar slicht ind oclaigh, 7 lenus    comuic in fhianbhoith, 7 it-bert: “Anso
ata in lucht do-bheir s  n do Irgal.” Ocus tuc a cluas risin fhianbhoith, 7 is    comhrad do-
295 rinde Irgal: “Maith,” ar s  , “bar cumain ormsa. Do thuit Ceallach leam 7 ata a fherann
acum tri bar caradradh-si. Acht ata ni ele acum re eca  ne ribh, .i. ealtta dh’enaibh dubha
thic chucum 7 in gortt arbha ar a loighit, ithit h   co m  u   ina cr   dhirc, 7 tabhraidh s  n da
ndichur sin damh.” “Maith,” ar Findcad, “in trath tangais, uair a bhfuil o turcbail greine
co fuinedh do bethachaibh do fuagradh³¹ isin ts  n sin bad marbh fo chend naomhaidhe
300 muna fh  cat on trath co roile.” At-cualaidh ben Irgail sin, 7 adubairt: “Oraibh fein,” ar s  ,
“neimh 7 aigh bhar sein, 7 f  caidh in crich,” ar s  , “ocus in s  n-sa oraibh, .i. s  n na n-  n
do na gortaibh.” Bidgus in tsein-Fh  ann 7 in macamh 7 gabhuit a n-airm, 7 teichidh in
ben 7 t  it a muinidhin a ratha, 7 ro ghabh lamh re muir. Ocus lenaid a fer h  , 7 ac silledh
di tar a hais do-rochair do charraic 7 fuair bas. Ro   irigset in tsein-Fh  ann, 7 adubhairt
305 Caitli: “Maith, a fhiru, l  icidh d’Irgal a aonar,” ar s  , “a lenmhuin, 7 ar mallacht ar in
mna  .” Ocus it-bert:

1. Ar mallacht ar m  nai Irgail,

³¹ MS has “dfhuagairt”.

mallacht cach righ don rigraidh;
mallacht Oissin, mallacht Fhind,
ar inghin Chathail Chroimchind.

2. Do fhuagair dhuind Dubh Gréine,
fagbail Chomair Chind tSleibhe;
mallacht ar in mnai ron brath,
rob hé a diúltadh déighenach.

3. Bámar sealat sund co slán,
cían ó fheraibh, cían ó mhnaibh;
cían ó Thailgennaibh ar teach,
nírbho conuir chomhuidheach.³²

4. Annamh lind gus in la aniú
imghabhail ar n-aeíghidhu;
bá faeilidh cach iar sin feis,
cen aeighidhu no loi[n]ghmeis.

5. Bennacht uaim ar Irgal án,
rium ba cunnail a chomhradh;
gairm mna ro bo gairm cen ghart,³³
ro thuill co mor ar mallacht.

Mallacht.

“Facam in t-inadh so,” ar Findcad, “uair da mbem gus trath cetna amarach ann ní bia fear indisti scel beó acaind.” Tancatar rompu iar sin tar Glenn Massan 7 do Loch Daim Derg, 7 do Traigh Fhirgrinne mic Dheghadh, 7 d’Inis Labharthuinde, 7 co hIndber

³² MS has “chomhuidhtheach”.

³³ MS has “con ngart”.

Buinde, 7 co hIndber Lemhna, 7 co Loch Léin, 7 co Glend Mangart os Loch Léin. “*Ocus* na ticedh neach chucaind taréis Irg hala.”

Gabhaitt fon ghlen [195 v 2] 7 do-gheibhit inadh diamhair for bruind essa, 7 do-rindset both chuanna 7 ro chuirset fleisc re féici dhi 7 dlaí dhíidin tairsi, 7 esrais 7
335 irluacrais Fer Gaire hí, 7 do-ní leaba cacha deisi 7 leapa cacha con, 7 oired ro boí in
giolla ac denum na fianbhoithi tiaghait-sim do sheilc. Do-ghni in gilla tabhochta taobh
grinne talmhan re hor in tsrotha 7 léicus in sruth ann, 7 adais tor tenedh, 7 dercus clocha
co mboí eallamh ar cind a mhuindtire. Tancatar-sum ón tseilc 7 do-rignedh fulacht 7
indeonad leó, 7 do-righnisset a fhotracadh 7 do chaithset proinn iar sin. *Ocus* do-chuadar
340 ina n-imdhaighibh 7 do fersat tathamh suain 7 cotalta, 7 ro bo scíthach iat in oidhchi sin.
Bátar isin glend sin re bliadhain can neach d’feraibh Eirenn do urmaisin forro.

Maiden aon badar na n-imdhaighibh acht Fer Gaire amhain. Co cuala suassan na
selga ós a chind isin tsliabh, 7 it-connaire lucht na sealga 7 a gcoin ar n-éirghi fhiadh 7
mhil 7 agh n-allta, 7 it-bert: “Eirgidh, a Fhianna,” ar se, “*ocus* atáthar mon ngleann.” Ro
eirgisit 7 ro ghabhadar a n-airm, 7 it-bert Cailti: “Ní neach aile ata annso,” ar se, “acht rí
345 Mumhan, 7 fácum in glend.” *Ocus* tancatar rompu iar sin co Glend Fleisci do lethtaibh
Locha Léin. Is amlaidh do boi Cailti 7 Findcad ic imteacht, 7 lamh chaich dibh ar
gualainn aroile. “Cidh fa ráidter ‘Ráithín na nIngnad’ risin ráithín seo?” ar Findchadh,
“*ocus* liacan cloichi for a lar.” “As meabhair lem,” ar Cailti. “Do bhuí Find ina
350 longphortt annso, 7 ní rucad tusa isin aimsir sin, a Fhindchaidh. Tancatar triar ingen isin
nglend-sa docum Find, 7 do-rinset a muindteras fris. Aon chú accu gile na sneachta. Cú
sealga isin ló hí 7 caor thenedh isin n-oidhchi. *Ocus* as i comha ro farrsat ar Fhind: bheith
cach laoi a comhsheilc reisin Fheind 7 bheith cach n-oidhchi for leith, cid mor no
marbhdaís gan a aiscc forro 7 cid bec gan a aisc. Ba do bhuadhuibh na con-sain in t-usc
355 a curthea hi ba fin no midh da héisi. *Ocus* anmanna in trir-sin, .i. Sela 7 Donait 7
Domnan, 7 cuilén tallsatar o righ na hIruaithi ro bhui acco.” *Ocus* do-roine in laídh:

1. Dámh trir thancatar ille,
do chur re Find na Féinde;
sirdis lind cach moin ’s gach madh,
360 in triar uallach, ba hingnad.

2. Do badar athaig sa Feind,
in triar tainic sund do chein;
sealg leo a cumaidh chaich choidchi,
feis ar leith gach n-aon oidchi.

365

3. Aenchú leo ba haille dath,
ba cu adhbhul ingantach;
caeca fiadh foirrghead do gail
o trath eirgi co nonaidh.

370

4. Luidset in triar sin le a coin,
feascur i Carrn Feradoigh;
tucsat a cú, comhall ngle,
sís fon tiprait fhiruisce.

375

5. Fin da eis uisci in topair,
rob alaind ind urobair;
gabhsat ar a ol co hán,
co tainic chuca Dubhan.

380

6. Ro marbadh leo, lathar ngle,
Dubhan mac Breasail Bhoirne;
na tisadh in gnimh na gcend,
i bhfiadhnaisi fhia[n nErenn].³⁴

7. [196 r 1] Rob ingnad le Find iarsoin,
líne Dubhain mheic Breasoil;
gan fis a oigeda in fhir,
ro bo cheist mhor ga mhuinntir.

³⁴ MS illegible.

385

8. Adubairt fris a dhed fis,
 re Mac Cumail gan eislis;
 in triar ut táinic tar muir,
 do mharbh Dubhan mac Breasuil.

390

9. Is í siut accu, in cú cían,
 iss í ro bhoí ac Fliuchmud Niadh;
 can fis tucsatar ille,
 cuilén righ na hIruaithe.

395

10. Is í ro bui ac Lugh na lend,
 tucsat mic Tuireand Bicareand;
 re re cuicat bliadhan bil,
 na hibur aille i bhfidhbhaidh.

400

11. In cu sin ba haidhbli gluind,
 fris na gabhthai i cruas comhluind,
 ba ferr na cach main choidhci,
 caor theinedh gach n-aon oidhchi.

405

12. Buadha aile ar in coin caoimh,
 ferr in mhain sin na cach maoín;
 midh nó fín no shasadh de,
 da fotraic a fíruisce.

13. Anmanna na tri laoch lán,
 Sel is Donait is Domhnan;
 ainm na con co caoimhe chmis,
 tucadh co Find, Failinis.

14. 'A marbadh,' ar fiann Fhind Fháil,

410

'ac inaidh marbhtha Dubhain.';
'Ni muirbther,' ar Find iar sain,
ma berait íc sa fhinghail.'

415

15. 'Ata accaind icc sa fher,
a flaitheindigh na nGaoidheal;
ar cú dhuit-si fein is ferr
ina airdrighi nEireand.'

420

16. Tucsat ratha ris co fir,
grian is éasca, muir is tír,
gan beó an chon do breith amach
co brath a tír n-allmharach.

425

17. Marbhait iarsain in choin cruaidh,
luidset sech Albain sairtuaidh;
rucsat craicend in chon sair,
co Teach Meirce mórglonnaigh.

430

18. Tinoilus Find fianna Fail,
gabhsat ar muir co morgráin;
tinoilter dhuind as tír thair,
Breathnaigh, Cruithnigh, Albanaigh.

19. Rucsamar lind cloch cach fir,
in lín tancamar d'Fhiannaibh;
cor thsáighsemar ar in maigh
re coimriachtain da cathaibh.

20. Guth cach aoinfhir re Find fein,
iter shen is óc don Fhéin;

435

'Ni theichfem co teiche ar clach
ar ecla na n-allmharach.'

440

21. Mairit na clocha as tír tair,
bhail a mbamar nar gcathaibh;
ro marbhsun ilar n-aicme,
dar cursem cath Confaide.

445

22. Meircheó 7 Maon a n-athair,
naonmar doibh rias na cathaibh;
ní ghabhdais ar n-airm co n-ágh
ro ba doilghi na cach dámh.

Dámh.

450

455

460

Lodar rompu a Glind Fleisci soir 7 lámh chlé re Da Chich Danann 7 a cend Mhóna Móire
7 anus in gilla ac ol dighi tar éis chaich, 7 tic a ndiaigh a mhuindtire 7 eirghus agh
aindreanda allaidh dó. Ocus da choin Chailti badar ina laimh, 7 tairrngus in dara cú in
slabradh 7 lenaidh in fiadh, 7 ba méla lesin ngilla sin 7 do léic in cú aile dó. Ocus gabhus
in t-agh suas d'Ath Frenair, bhail i rrabh[th]us ac leighus Mic Con i Cind Mhaighi Ini, 7
do Rosaidh na Righ 7 do Rosaidh Ruaidh, 7 a nDoire Chind Fheabrat, 7 a bhFirt Sceith,
in bhail ar thuitt Sciath Breac mac Dathchain le macaibh Morna, i mMairtine Muman, 7
a Cliú Mhaíl mac Iúghaine, 7 d'Eachlascaibh Ech Ulad, 7 co Loch Gair fris a n-apar
Loch na Maccruidhi, 7 fa trí timcheall [196 r 2] in locha 7 leicid a cethrar isin loch.
Cailti, imorro, a ochtur tic sein a dhes re hAbaind Mhoir hi crich Fer Maighi. Sillis Cailti
tar a ais 7 ní fhacca a ghilla, 7 impaíd da iarraidh, 7 tecaít a fritheing na conaire cetna co
hÁth na Foraire, 7 do-gheibh lorcc in fhiadha 7 na gcon 7 in ghilla co Loch na
Maccraidhi, 7 it-bert Cailti: "Is ann so rucadh ar coin 7 ar ngilla, 7 Fer Aoi mac
Eoghainn ro brec iat, .i. fer in tsigha so thuas, 7 ní fhuil nert acaindi ar Thuathaibh De
Dhanann."

Badar ind oidhchi sin i Carraic Locha Gair co dubach co mucha laí arnamharach.
Ocus gabsat rompu sair i mMairtine Mumhan, 7 a slighidh Chnamhcoille, 7 a Senmhagh

mBreoghain, 7 i nÁth Íssel, 7 a mBealach na nGeinte mBandruagh tar Ath Conuait mic
Ú Néit, 7 a Findmagh Feimin, 7 do Druimdil mic Da Creaca, 7 co hUaran Brain ar
465 lettaibh Shigha Feimin,³⁵ 7 anaid ann uair droibhel fairsing 7 dítreabh fedha hí, 7 at-bert
Caílti: “Dentar sealc lind annso.” *Ocus* do-righmet 7 bá dainim dóibh an gilla uair ba híat
fein do-rinde both doibh ind oidhchi sin, 7 do-rindedh indeonadh leó. *Ocus* téit Caílti 7
Findchadh do indladh a lamh cum in tsrotha. “Inadh fulachta so,” ar Findchadh, “ocus is
cían o do-rindeadh.” “Is fir,” ar Caílti, “ocus Fulacht na Morrigna so, 7 ní denta gan
470 uisci. *Ocus* cúic mic Eachaidh Abradruaidh do-rinde, .i. Fat 7 Fet 7 Flann 7 Én 7 Enach.”
Ocus do-rinde in laídh:

1. Fulachtt na Morrighna anall
do gres Escair Aonghabhann;
Indeóin in Daghdha ba druin
475 do gres Grinne mic Luchtair.
2. Crann a mol, crand a roth réidh,
eter uisci is teinidh tréin;
iarand a chorp iar samhail,
baccain luith ar lethghabhail.
- 480 3. Da naé rothlenn ma mhol mór,
fa lúth athlamh ac impódh;
tricha bir do bhidís ass,
tricha drol, tricha fertas.
4. Séol saithe ba hingnad cruth,
485 re luth Grinde lucht a ruth;
don taoibh anall ba treana,
luth a bir, luth a beara.
5. Tri nao mbera tri nae tuill,

³⁵ MS has “lettaibh tSigha Feimin”.

a hIndeoin in Daghdha dhuind;
aonbhir nos fuilgedh re fuin
fo-cher Eochaidh Ollathuir.

6. Aensciath, a lut ro bo léir,
do indledh aoinfher da reir;
as tor theinedh astigh thall,
ro bo daite in gres gabhann.

7. Bir Deichin³⁶ re Goibhnend nglan,
fulacht indeoin ro forbadh;
treidhe gobhann sin ro gheall,
nir thecht gobha re nGoibhnenn

8. Ni tualaing gabha ar mo ga,
tar éis Laich, tar éis Ealcha;
mo dhaighir, ní doibh is docht,
ní mo is tualaing in fulocht.

F.

"Is gairdiugad duind sin, a Chailti," ar Findchadh, "ocus is maith in mhuindter sin."
Ocus do-chuadar da fhianbhoith iar sin dochum an aosa cumtha 7 ro chaithset a fhulacht,
7 ro chotailset ina n-imdhaighibh.

Ocus um nonaidh in oidhchi sin tancadar tri hingena Buidhb, .i. Uchtdealb 7
Sadhbh 7 [196 v 1] Sárail, ar dreich in tsígha. "Dé fulachta sút," ars iatt. "Iarsma
Fheinde Find istoigh da dhenum," ar Sarait. "Ní carait," ar Sadbh, "ar ní fhil ann acht
Cailti 7 Findchadh 7 iarsma Chloindi Morna, 7 Conán mac Morna ro marbh Ferrdoman,
mac Buidbh. Ocus dealbam sinn a richt tri n-agh n-allaidh 7 tograimfit a coin sind. Ocus
lenfait siat a coin 7 scailfimídi iat 7 deileochmait Cailti 7 Findchadh re cheile."

³⁶ MS has "Deichten".

Tancatar iar sin cum na fianbhoithi a rict tri n-agh n-allaidh i mucha lai
 515 arnamharach. Tucsat a trí cind isin fianbhoith 7 tairrngit na coin na slabraidh, 7 lenait na
 senlaích na coin 7 iat derglomnocht acht a fuatróca umpu, timcheall tSigha mBan bFind i
 mMagh Cliara, 7 scarait na mná sighi a ciall ré a conn, 7 iar sin doibh a Crich Caille in
 Cosnuma, 7 a Fíad Gráindi, 7 a Réigh Maighi Raighme 7 ac Sidh Raighme, 7 i Sliabh
 520 Mairge mic Edhlecon, 7 i Suidhi mic Morna, 7 do Lerga Temhin, 7 do Dhind Righ, 7 tar
 sruthlindtibh Berbha, 7 a mBealach Mughma, 7 a R[o]irind, 7 a Fiadh Maisten in
 Nualaind 7 Curraçh Lifi, 7 d'Áth Chind i Clochar Chliar Maighi do Dhairibh Claona, 7 i
 cend Maighi Nuagat, 7 tar Righi Laighen do Shídh Buan Aindi Bandruagh i nDrumain na
 Feinde, i Caill Comlaind, i Cnoc Duma hEirc hi Tlachtgha 7 andes re Temhraigh i lár
 Mhaighi Breadh, do Shídh Deirc ris a n-abar Cleiteach, 7 do Lind Féic, 7 fa tri timchell
 525 Leitreach Lon, 7 co hIndber na Boinde. Ocus tucsat cor budhes cacha ndírech, a clé re
 muir 7 a ndes re tír, i Cúil Chethor Chuir, tar Indber na hAighe, tar Indber nAilbine, i
 Collamair Breadh, i Tuirmhe, a Senmhagh nElta, i Cnoc na Duibhe, a Rind Cind Aissi,
 tar Indber Life, i Coirthe Chualann, i nAonach Sera hi Crich na Morrighna, i nOirrther
 na bhFiann, i bhFidh Mór, i Sliabh Aighe mic Iughaine an Druim Craidi, i mMain Da
 530 Glas, i bhFertt Chlaraidh, i Sídh Choltain, co hIndber Locha da Dháil. Snáighit na haighe
 in t-indber amach, 7 tiagat ina reachtaibh féin annsin inghena Buidhb. "Maith, a
 Findchaidh," ar Cailti, "in tabra aithne ar na mnaibh?" "Tri hingina Buidb sind," ar siat.
 "Cidh día rabhuir duind?" ar Cailti. "Conán Maol mac Morna do mharbadh Ferrdoman
 mic Bhuidbh, ar mbrathair-ne," ar siat. "Is maith duind, a Chailti, maithemh n-anacuil do
 535 tabhairtt duit-si fein 7 in lucht do mhillsimar-ne, ní fhuil dibh neach nach siúr do Cloind
 Morna a mhathair."

"A Findchaidh," ar Cailti, "ní facamar ar muindtir seoch Cenn Mhaighi
 Draighen." Ocus impáit³⁷ d'íarraidh a muindtiri, 7 iss é cetfer tharrla dóibh Cormac mac
 Ruaidh, 7 a aighidh re lár 7 sceith fhola ina bhfiadhnaise. "A Chormaic," ar Cailti, "ní
 540 slan atathar ann." "Ní headh," ar Cormac, "tri hingina Buidbh do mhill sind a n-íc
 Fherrdomhain do thuit le Conán mac Morna. Tabraidh mo shaith uisci damh," ar
 Cormac. Ocus tuc Cailti lán in chuaich dó 7 scarais a anum re [a chorp]³⁸ 7 marbh a

³⁷ possibly for "impáit".

³⁸ MS illegible. One would expect "re a chorp".

seiser iat 7 a dha gcoin déc, 7 ro charnnsat [196 v 2] clocha in mhaighi forro. Conad
'Carnmhagh' ó sin ille ainm in mhaighi sin.

545 *Ocus* ro ghabhsat ar dubha 7 ar dogra tar éis an aósa cumtha. "Cidh do-ghenam, a
Cailti?" ar Findchadh. "Inad diamhair d'iarraidh a ndingnamais sosadh 7 indli sealga."
Ocus tancatar rompu i Cenn Mhaighi in nImarraic, 7 it-bert Cailti: "Ata droibhel fairsing
fásaidh and so, .i. Cregfhiadh." *Ocus* tancatar a fheice na creice 7 ro benadar caolach in
fedha 7 tucadar dlaoi for féice. *Ocus* tancatar rompu i Cend Mhaighi 7 do-gníter leo tri
550 nae bhfairchessa falaidh ar slighthibh a n-aithghdis fiadha, 7 tri nae co ia tinnill, 7 tri
nae [g]cliabhana cailled, 7 tri nae ngaiste énach, 7 tri nae [g]cliabhana abhann, 7 tri nae
[bh]fáilfedha, 7 fer ar timchell cach laoi d'fhis na n-indledh selga sin. *Ocus* fulacht do
dhenum amuich a n-écmus na fianbhóithe, 7 a breith ullamh indti.

 Brughaidh cetach boí isin crich fa coimnessa doibh, .i. Bran Brughaidh. *Ocus* do
555 ticdis a mucca 7 a muicidha isin creic i rrabudar, 7 do-geibdis a lore 7 ní fhaicdis iatt
fein. O tainic in Marta 7 inam do breith do muccaibh, ro buí muc ar iarraidh acu, 7 frith
a taobh creice na fianbhoithi í 7 naeí n-oirc fuithe, 7 ro fulachtadh orc dibh lasan
muccaidh. *Ocus* d'éis a ithte do gabais aithchindi, 7 loiscid in coill 7 ind fianbhoth. Is ann
sin ro airighset na senoraigh in carraic ar lassad, 7 tainic in teine ina timcell, 7 lingit
560 tairrsi imach 7 at-chid in muccaidh ic ól usci as an tiprait. *Ocus* t[u]ic Cailti urchar dó co
tarrla i clais a chuil cur thuit a cend isin tibrat. Conad 'Tipra in Mhuccadha' a hainm ó
sin anall.

 Lodar rompu i Cend Maighi Draighen 7 a Máin Da Gla[ss]³⁹ i Sliabh Uighi
Laighen, a Cubhat na mBandruagh, a nDún Cind i Fothartaibh Feda 7 do Raith Mháta
565 Muirsci 7 a nEss Gabhair 7 tar sruithlindtibh Grissi 7 co Maistin na Righ. Tancatar a
Mullach Maisten 7 co Cerdcha Ghoibhnend. "Maith, a Chailti," ar Findchadh, "in ann so
do-righmed airm Chatha Mhaighi Tuiredh, 7 Bir Deichin, 7 Fulacht na Morrighna, 7
Indeoin in Daghdha?" "Annsa glend út shis do-righmed Bir Deichin, 7 Deichin draí, iss é
do-righme hé."

570 1. Deichen do-rin Bir Deic[h]in
 ar Goibhnenn a nGlind Treichim;
 ar seilb Logha línibh gal,

³⁹ MS illegible, reading based on Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, II, p. 34, l. 25.

do-roighneadh atreibh Nuadhan.

2. Enfher déc isin tigh thall
do clandaibh áille Eithleand;
do-níth in fulacht ferddha,
ba dibh-sein a tigerna.

3. Lugh, Aonghus Ócc in Brogha,
Cermat, Midir, Mac Scala;
Cú is Cían is Ceithean don mhaigh,
Iucharbha, Uar is Iuchair.

4. Re lind Eirimoin aneas,
i Teamhraigh ba trén a treas;
naonmar ro eirigh na dháil
do chlannaibh Miledh Espain.

5. Lugair, Tua, Tenfa tend,
Confa, Aicher, áille in dream;
Eni Bec is Eni Mor,
Gola Mend 7 Cessón.

6. Re re Iughaine amra,
os Bir Deichin in Daghdha;
ochtur i Temhraigh na tréd
ba tualaing a imchoimét.

7. Aighe 7 Lughaidh na lenn,
Croine 7 Erc is Eilleand;
tri mic Glais a Glind in Scail,

tric do *theighdís* [na chomhdhail].⁴⁰

600 8. [197 r 1] Acc on *righ* ba hamra dath
dar comhainm Eochaidh Feidhleach;
fer *ar sheisir*, séghdha in dream,
ac fulacht bhera Goibhneand.

605 9. Eoghan Eirenn, Eochaidh Garbh,
7 Cobhtach caitheadh arm;
Lughaidh, Find, Fiacha na bhfledh,
Morann is Daire Déidgheal.

10. Ro boi ic *Concubhur* ind Emhuin,
Bir Deichin ina dheghaidh;
cuicer laoch, aenben, ní bréc,
ba tualaing a imchoimhét.

610 11. Naíssi 7 Ceithirnn co mbuaidh,
Concubur, Cú Chulainn cruaidh;
is Feidlim nos foirrgedh fir,
Mes Deghadh mac Aimirghein.

615 12. Cethrar mun fhulacht sa Fhéinn,
ro bo dibh sidhein Find féin;
Oisin, Cailti, Diarmait dil,
ro indlidis Bir Deichin.

620 13. Deich slesa re lind Lagha,
deich fhaebhuir, nírbo tana,
ar Bir Deichin, luaighdís fir,

⁴⁰ MS illegible, reading based on Ní Shéaghda, *Agallamh na Seanórach*, II, p. 36, l. 16.

co haimsir Eochach Feidhligh.

14. Re hEochaidh Feidleach mac Find
gníd Bernn, gobha narbó tim,
ocht slesa is ocht faobhuir uair,
co Concubur on Craebhruaidh.

15. O Conchubur ard amra
do-nídh Echelsach Eamhna
sé faobhair, se slessa ar sin,
co toracht Find flaithfheindigh.

16. Elta áithe do-gníth Find,
bir cheitri sles seghdha a rind;
cheitri faobhuir, forumh ndil,
bidis ar in mBir nDeichin.

Deichin.

635 Lodar rompu as a haithle sin co Loch na Glaisi anair. Is and at-conncadar na heissi
coimgeala 7 na buidhne romora 7 na heachtrada. At-bert Cailti re Findchadh: "Tabhair
t'aghaidh fri a lár 7 iss iatt so na Táilcind." Is é ro bhoi ann, Patraic mac Alprainn, ocus
Crimhthan mac Étna Cheindsealaigh ar tabairt dó in bhaile dar bhainm 'Ind Fhorrach'.

Lodar rompu tar a n-ais a Maistin, tar sruithlindtibh Grissi, a Leitribh Cranncha,
640 do Dhún Aillela Aine, do Ráith Oirthir, d'Fhail Mhuc nDrebhrinde. Táinic feascar na
hoidhcei doibh. "Maith, a Chailti," ar Findchadh, "cidh do denum anocht min shealg?" ar
se. "Ar cassanaibh coillidhi 7 ar mhilibh maighi, 7 teighem co Carcair Glais mic
Mhongaidh." "Nach tusa ro marbh Glas mac Mongaidh?" ar Findchadh. "Is mé," ar sé,
"ocus tarthamar ratha 7 cuir ar ceitri macaibh Glais mac Mongaidh gan neach don
645 Fheind do marbadh." Tancadar rompu 7 do-niter fulacht leó. Ocus is amhlaidh ro badar,
7 secht n-airecail accu 7 .c. cachha hairecail. Anmand chloindi Glais mic Mongaidh:

1. Deisid Breasal for in maigh,

deisid Cliath i Cliathbermaibh;
deisidh Fledhach a nGlind Smóil,
deisid Ualach ar Deargmhóin.

650

Is ann sin do raid Ualach re Fledach. “Ata,” ar sé, “in fer do mharph t’athair a lepaidh t’athar anocht.” “Atáit ratha 7 cuir uaind gan a marpadh.” “Tabrum uathbhás 7 omhun uime.” Tancatar a cethrar 7 ro dhealbsat a richt cheitri ruadh muc romhór, samhailta co mbeth ferdhornn da fhiacraibh leth amuich. Ba hé mét na toirne 7 in crithmaighthe do-
655 roínset curbó dóigh leó, .i. la Cailti 7 la Findchadh, [197 r 2] comad hé in sliabh ba coimhnesa doibh do thuit na cenn. “Is iat na harrachta 7 na hamaiti aidgill seo,” ar Cailti. Soisset na mucca chuca co⁴¹ letairset iat, co mba dóigh leo co mbenfaidi a gcossa dhib nó a n-inathair eistibh. Co trian na hoidchi dhoibh amhlaidh sin. Tancatar a richt na méidach chuca iar sin is in trian aile don oidhchi. Scerde fola asa méidibh co roith
660 uachtar na huamad 7 do leicdis ina gcendaibh anuas. In trian deidinach don oidhchi dochuadar a rict tri n-aithech ndubh neitibh, 7 tri sústa iarnaide ina lamhaibh, 7 tecaite ica mbualadh co tainic maiden. Torchair gach fer anund 7 anall dibh. Tócbaidh Cailti a cheand. “Tiagam as so, a Findchaidh,” ar Cailti. Eirgit iar sin 7 iadhait dorus na huamadh. ‘Bealach Corcrach’ a ainm ó sin ale.

665 Lodar rompu co Daire Medon, do Cholbha Duind, do Lighi Bhelat Báin mac Buichet i Fánaiche Art, a Clar Mad Laighen, a Cend Maighi na Bóruma co Dam[h]il. Sillis Findchadh ar Cailti. At-connairec hé 7 a rosc iadta. “Tecam,” ar sé, “isin choill-sea, .i. Coillín Coimge aníú.” Tancatar a nDoirin Coimge. Is do ro canadh:

670

1. A Fhiacra, indis do chach,
ceirtfiche bliadhan re mbrath;
ní bhia crand a Ros Coimge,
acht madh éngéc aonoidbhle.

Ocus do chotailset ind oidhchi sin ann sin. Is é in la-sain tarrla do Patraic toighacht cus an maighin sin ar tuc rí Laighen in baile do Patraic. Táinic Patraic cona mhuindtir gus an

⁴¹ MS has “con”.

675 coillín ut i rrabhadar son ina cotladh. At-chualadar na cleirigh ruchtach 7 srandghal na
 bfer mor, 7 teichit na cleirigh co rancatar co Patraic, 7 tic Patraic da n-indsaidhi, 7
 coisrecus iat ina cotladh, 7 bidgait asa gcotladh. "A shenorcha uaisle," ar Patraic, "ticidh
 ó dhiabal 7 ó adhradh arracht co hadrad Dé athar uile-cumachtaigh." Ro baistedh iar sin
 ind ainm na trinóiti, Cailti 7 Findchadh [7] Crimthan mac Énna Cheindsealaigh. "Tuc
 680 damsa," ar Patraic, "in baile seo." Ocus saighter pupall Patraic ina timcell co cenn tri lá 7
 tri n-oidhci, conid i sin 'Cill Usaile' aníú.

Do-berthea proind tri nónbur dóibh. "Cindus do-berter in proind so duind?" ar
 Cailti risin timthire, "In mó na cuit deisi hí?" "Ní fhetar," ar in timtíre, "co ro chetaiger
 do Patraic." Ocus fiarfaighidh in timthire. "Proind naonmair," ar Patraic. D'indis in
 685 timthire do Cailti sin. "Is fir," ar Cailti, "ní thibherthai-si ass sinde, a clercha. Ocus
 léicidh duind fein ar bhfiadach, tabair smact 7 riaghail foirrn." Ro muinit iar sin dorn
 riaghla.

Táinic rígh [197 v 1] Laighen and iar sin 7 righfhile Laighen faris, .i. Dubhthach
 mac hUa Lughair. Ro iad in sluagh um Chailte, 7 adubairt Dubtach: "Cid on ainmnighter
 690 ind abhann-sa, a Cailti?" "Life inghen Iuchna do Feraib Bolg do báidhedh ann, a[c]
 cainedh in Bennain Temhrach, 7 in luathLife ro marbhadh ann." "Cidh iman abar
 'Currach Life' don magh réidh seo?" ar Dubhtach. "Ni hansa," or Cailti, "Currach mac
 Cathair ro marbadh le Find and, 7 misi do ben a cheann de 7 rucus lium siar co
 Badhamair." Ocus ro fhiarfaigh: "In bhfuil uaibh neach no fhindfadh saoghal Find?"
 695 Ocus it-bert:

1. In bhfuil uaibh aderat frium
 ca saoghal do-ratad d'Fhind?
 ca hainm in buime ro n-altt?
 ca hainm in fer ro adhmacht?

700 2. Ca cétroind do-rindis riamh?
 cía da tardadh cath Galíar?
 ca cettfer do-fhaoth ann de
 a cath chloidhmeach Confaide?⁴²

⁴² MS has "Confaidhe".

705

3. *Ocus Confait fein*, ro fes,
 cia leis a tucad in treas ;
 ca raot dia bhfuil bunad brass?
 ca tír a dtá a tiugradhas?

710

4. Ca lín do-rochair da laimh?
 ca cétben a ndeachaidh dáil?
 cá fer don Fheind tuachail tra
 ic a raibhe in phiast berla?

715

5. At[h] *Bertha Find* isin tsleibh,
 cia ro berradh and don Fheind?
 cáit ar fhácaibh a lía luind?
 ca folach fuair a Liathdruim?

720

6. Adhaigh d'Fhind a Fidh Gaibhle,
 cá dealb thainic da fhaighde;
 do frith in cenn sa crand chain,
 ca lín ro bhuí ind oidhche sin?

725

7. Currach Life, cona lí,
 cia ros adhnacht, cia ros bí?
 cia ruc na laimh a cenn cain
 co Cnoc Maíl ós Badhamair?

8. Sliabh Cuillind da dhes a Brund,
 in t-ainm sin, cidh ma roghund?
 cidh ma n-abar as é a leacht
 's na torchair ann acht aindreacht?

9. Ca fer do reith a Brat Breac,

730

a nAonach Sera na lecht?
cúich do rith ris immale,
is caidhe fáth na graifne?

735

10. Is Lía Bhealaidh Átha hÍ,
cia hogham ro bhoí na crí;
ca fer do-rolaigh don tslógh
ra tuic in bhen na mhedon?

740

11. Ca fer do ghabh tri shuirghe
lamh na Demhnighi a Tuirme?
7 ca mét n-oidchi ar sin
ro boí in fer sain ar easbaidh?

745

12. Cá dám ingnad rotus fuair,
ro chan irbadha aníartuaidh?
cid canait re cnoc anair
7 cia richt ina bhfail?

750

13. Tricha bliadhan ar da cet
saoghal Find, ní himirbrec,
co ro adhnacht Fland mac Brain,
daltan Sína a Seiredhmmaigh.

14. In cet rann do-righe riam
fidhradh filedh, ferddha a chiall;
air a muimme, molta in rann,
ro lesaidh Sína is Bodhmall.

15. Bresal buadach ro thuit tiar,
dó do-ratad cath Galían;

755

cetfher thorchair sa chath tair
Neassa mac Brocain bhladmair.

16. Aed Chind, ess e tuc na laim
Confaite, iar cur ind air;
cur ro lesaidh Find iar sain
in céin ro bhoí na bheathaidh.

760

17. [197 v 2] Confaite⁴³ fa croicend con,
ro chuir mórfuan i fordol;
do shétaibh Iruaith anair
a bunadh a hIndecdhaibh.

765

18. In ben a Sígh Duind dubach
ruc in set ba sármudach;
is tarlaic uaithe fánoit
nach frith riam isin tiprait.

770

19. Ath Berrtha Find na Feinde
i mberradh cach a cheile;
Finn mac Cumail, tolaibh tor,
7 Find mac Iaconchon.

775

20. Clí Deróil in bérta ghlic,
iss é folach fuair fon lic;
in lía tarrlaic as a laimh,
no fhácaibh i nÁth Bolcáin.

21. Ar n-adhaid i rRus Da Chon,⁴⁴

⁴³ MS has "Confaithe".

⁴⁴ MS has "Gen".

a Fídh Gaibhle ba baoghal;
aentriar fer is aontriari ban
con ro thárracht dealbh ingnad.

780

22. Is ann tainic meidech maol,
da chluais ceachtar a dha thaobh;
ceitheora lámh as a druim,
cloidhemh teinedh re gualuind.

785

23. Labhraidh co fuachdha ferddha,
saighid air Find flaithemhna:
'Tabair damh do chend budéin,
no cend Cailti no Oisein.'

790

24. 'In ngeibhe cumhaidh aile
ar Mac Cumail Almhaine?
ma geibhe do-gébhthar sain
da mbé a nEirinn no a nAlbain.'

795

25. 'Gébat uait, a Fhind comghail,
in cenn-sain gá tú iarraidh;
no berat, mo rogha cinn
do na cennaibh cen choicill.'

800

26. Nochtaidh Oisín cloidem cert
7 nochtaim-si a n-aoinfecht;
tucsamar da beim co cruaidh
cur theascc in ralaiddh rind ruaidh.

27. Tuitid cend as an ralaiddh,
ní fhacca-sa a indamhail;

mó na coire a toillfedh mart,
ba faoílíd^h risin arracht.

805 28. 'Bendacht ort, a Fhind amra,
maith do mhuindtir morchal[ma]⁴⁵
slan uaim-si duit budhesta
ro ícais mo mhórcesta.'

810 29. 'Tricha bliadhan gus anocht
ó ro scaradh ria chaomcorp;
cend ind fhir cumtha rom car,
cenn uat[hach]⁴⁶ mic in Gomhan.'

815 30. 'Na tri cind leith Chairnn Etair
is iat do-rat a n-écaibh;
is iatt ros folaigh a bhfat,
tri shenaibh doilbfe draidheacht.'

31. Currach Life, is lór do ghail,
is lem-sa fein do-roc[h]air ;
ann ro fhácus a chenn cruaidh
do lethtaibh Crot anairtuaidh.

820 32. Ro adhnacht Eoghan mac Duil
corp in righ alaind san mhuigh;
conadh Currach, caom a chacht,
ainm in aonaidh ind adhnacht.

33. Cuillind Caipliath nírbó caomh,

⁴⁵ MS illegible, reading based on Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach, II*, p. 53, l. 6.

⁴⁶ *ibid.*, p. 53, l. 12 ("uathaidh")

825

ba hengnam mor don macaomh;
ros goin Glas con ngéire rend;
conid de ata Sliabh Cuillenn.

830

34. Dubdoit ro lá⁴⁷ a chuir re Find
do boi bliadhain mar aon rind;
gus in seilg i Sleibh Da Glas
do tháibh Challann andhiardes.

835

35. Luidh Oisín on Feind uile
co ruc tri cet cédghuine;
ní ro imid móin na magh
fiadh ar bith ar nach beireadh.

36. Tuc-san breithir mhóir a muidh,
Find mac Cumail a hAlmain;
gunar imthigh talmain tréin
fiadh ba comluath re hOiséin.

840

37. Adubairt Find in bruit bricc:
'Rom luaidhibh friss gura tricc.'
Tucsum breithir mhóir co mer,
nár dháibh mina comhaillter.

845

38. Andsin ro rithset na laích,
tar Firt Magruind, tar Madh Fraich;
tar Beirnn na Tarbhfhessa sair,
tar Cualaind, tar Cnoc nAirthair.

39. Co sruth Life, co Lind Duibh,

⁴⁷ MS has "ro laí".

850

gus in Uaimh a nEass [198 r 1] Ghaillimh
luidh Dubhthait don Feind uile
iter choin 7 duine.

855

40. *Ar sin luidh uatha budhes,*
Dubthait, mac do Dhubh Da Les;
ba laoch ar lathair troide,
uadh shloindter Es Dubhthaite.

860

41. *Maíne Senaigh, seóit fa bhlaidh,*
darbo cisti Lia Bealaidh;
Oissin ro brécc ó na mnaibh,
feachtus n-aill, a tigh Locháin.

865

42. *Seacht cet seachtmadat, secht ndeich,*
secht fichit gan imar-chleith;
tricha míle, tricha két,
iss edh sin do-chuaidh a n-éc.

870

43. *Demneach ainm mná a ndeachaidh dáil,*
bá hEsa inghen Locháin;
Sealbach ainm in berla bhind,
fó dhilind is uas dilinn.

44. *Demneach ro boi a Tuirmhe thair,*
tricha bó con bhanbrughaidh;
daoithin deichnebhair fa dó
a mbleghon cach haonbhó.

45. *A nascadh fein ar cach ló*
do bhuachaill in becain bó;

875

ticdiss *in* buar *sin* da tigh,
can buachaill *gacha* fescair.

46. *Gach* buachaill no *théighedh* leó
ní *indtaidh* a *marbh* na a *bheó*;
nocha *fhaghtha* *thiar* nó *thair*,
cidh iat ro *bith* a *n-easbaidh*.⁴⁸

880

47. *Luidhsemar* *naonmur* don *Fheind*
ma *Oscar* is ma *Oiséin*;
do *thigh* *Demnaigh* i *Tuirme*,
bidh *cian mérus in* *cuimhne*.

885

48. *Amhlaidh* *fuadar* *Demneach*
iss í *ecainteach* *engach*;
esbaidh naí *mbó*, *borb in* *roind*,
buí forri, gan a *buachoill*.

890

49. *Buachaill* do *chuirfed* le *buaibh*
ar airget nó *ar* ór ní *fuair*,
ar crodh nó *ar chomhaidh* nó *ar chacht*,
cé ro *boí* ga *oirchisecht*.

895

50. '*Nár dh'* *aighedhaibh* mo *thighi*,
mo *dhul féin* don *inghairi*;
cen mo *coimhét* re *headh laí*
's cen *breith* *ar n-einigh* d'*aonm/maí*.'

51. *Ar sin* *eirighsem* *amach*,
moidi ba *faeilidh* *Demneach*;

⁴⁸ MS has "easbaidhh".

*rucus lem mo cloidhemh cruaidh,
luid-sea a ndiaigh in becaín bhuair.*

900

52. *Luidset re taobh traghá thall,
co síghan Indbhir Domhmann;
énben sa chnoc ar ar cind,
as í [an] mhín fhéta fhoiltfhind.*

905

53. *Do sheind cruit, ba caom in modh,
cur chuir sind in ar cotladh;
ar sin rom ber-si lé amach
ina hailen ingantach.*

910

54. *Dom-rat and uaim dhuibh dorcha,
bhail i rraibhe mh'aos comtha;
can soillsi tre bithu sír,
acht gortta is fuacht is imshnimh.*

915

55. *Sechtmad laoch isin tigh,
a nglasaibh, a ngeibheannaibh;
ind uaim Dá Bhilla, gan bréic,
ní chuala riam a lethéit.*

920

56. *[An]⁴⁹ uar do teiged amach
in mhuir uathmar ingantach
do thuithmis ann co tréna
um na cairrgibh cruaidhghéra.*

57. *In uair ro línadh in mhuir,
ticedh toraind, nír bh'ingnad;*

⁴⁹ MS illegible, reading based on Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, II, p. 49, l. 17.

co tócbhaidhthea sind o lár,
co mbímais uile ar úrsnámh.

925 58. Tri hoidhchi ro bhadhus tair
ac Da Billa ina huamaidh;
cen luth, cen lathar, cen nert,
no co tárfas⁵⁰ in t-arracht.

930 59. Ar sin luidh Oisin amach
dom iarraidh-si arnamharach;
cé do shir tír 7 tuind,
noc[h]an fhuair a fer comuind.

935 60. [An d]⁵¹ara laithe do-chuaidh
i ndeghaidh in becain bhuair;
cidh fata do beith sé amuidh,
nocan fhuighbed a íarruidh.

61. [Do luids]⁵²et isin treas ló
do inghuire in becain bhó;
lodar ré taobh [198 r 2] trágha thall
co roisset Indber Domhnann.

940 62. Loighit 's a n-aighthi re lár,
luidh Oisssin isin sídhan;
co táinic Da Bhilla tra
ina curach 's a gilla.

63. Mar do-riacht and Da Bhilla

⁵⁰ MS has "tarrus".

⁵¹ MS illegible, reading based on Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach, II*, p. 50, l. 5.

⁴⁸ *ibid.*, p. 50, l. 9 ("lodar").

945

ina curach 's a gilla;
ro seindeadh lé a cruit co cáin,
gérbhedh, nír chotail Oissín.

950

64. Iar sin ro eiridh in fhian,
iter anoir is aníar;
ní rainic Da Billa amach,
ina in gilla na [a] gcurach.

955

65. Téit cach a nirtt a claidhem,
rob áil doibh a ndianaigidh;
'In ngabhthaí comaidh dom cind,
a theghlach féta foiltfhind?'

960

66. 'Taithiumh dhuit-si, ní saoilti
noc[h]a tora caomhChailti;
's cach laoch do brégus don mhaigh,
na nae mba do bhuar Demnaigh.'

965

67. 'Grian is éasca rachaidh dibh,
rátha iter mhuir is tír;
rachaidh dáibh, a Fhían amra,
in ní shirthí ar cend mh'anma.'

68. Ar sin do lodar amach,
muindtir Find, ba hécainteach,
indsaigidh cach uaibh a treibh,
lecar a buar do Dhemnaigh.

69. Nao n-inghena boí ac Badghma,
7 nae mic bá samhla;

970

aille na *cach* cland, co beacht,
ras cuir oénben in aindreacht.

975

70. Ben a n-athar ros ráthaigh,
rob í sin a lesmhathair;
ros tairbhir a reachtaibh én,
Echtach inghen Margorem.

980

71. Fescar luidh Find fichtibh gal
trisin dari i Carnm Irbadh;
derb leiss ba gotha dáine
mar at-chuala ind écaíne.

985

72. Nónbar dóibh a cuas in chraindh,
rob ingnad le Mac Cumhaill;
itit! itit! ar *cach* én
imthighed in reódh ro trén.

990

73. Ni bí radharc a roscaibh
no co roith co trath fescair;
dalla uile seoch *gach* ní
a n-aicmi na hénlaithí.

74. Iat na loidhi lá choidhchi
no co tic dubh na hoidhchi;
ac caíne a n-immid fanoit,
is é sin in ceol chanoit.

75. In *cach* tigh ní bí cobair,
nachar shilsat *cach* conair;
Eóin Ethaite ó sin amach

a n-anmann sa bhith braenach.

76. Neach ar bith ra fhindfadsain
na n-indissind d'ingantaibh;
tes nó thuaidh nó thiar nó thair,
nochan [fh]etar cáit a bhfuil.
In fuil.

Occus tancadar rompu a Raith Maighi amach 7 do Raith Orca, 7 do Chonnail na Righ, 7 d'Ath Cind Derg, co hAlmhain Laighen. Tancadar co hArd na hAlmaine. "Maith, a Chailti," ar Findcad, "is ann so rucadh Find." "Is ann," ar Cailti, 7 it-bert⁵³:

1. Ac so in fert a ngenir⁵⁴ Find,
nochan eadh nach meabhair lim;
Muirne mathair in mhic mhóir,
ben do⁵⁵ Cumall mac Trénmhóir.

2. Oisin mac Find, fer con ngail⁵⁶,
ro genair i Cluain Ichtair;
ingen Deirc a mhathair mhaith,
torrach nai mis on macfhlaith⁵⁷.

3. At-bert inghen Darena⁵⁸,
ar deich mnaibh ar Dasgrena⁵⁹;

⁵³ Variant readings for this poem have been given from poem XLIII in *Duanaire Finn* (DF) (Gerard Murphy, *Duanaire Finn – Part II*. London: ITS, Vol. XXVIII (1933), pp. 100-113).

The 10 verses of the poem of this edition have been identified by Gerard Murphy, in his notes to poem XLIII (*Duanaire Finn – Part III*. Dublin: ITS, Vol. XLIII (1953), p. 100) as corresponding to stanzas 1, 2, 10, 11, (13), 16, 18, 40, 42, and 43 of the poem in DF.

⁵⁴ in fert a ngenir: in fód inar ghein DF.

⁵⁵ ben do: deighmheic DF.

⁵⁶ fer con ngail: fear go neimh DF.

⁵⁷ torrach nai mis an macfhlaith: ferna toirrcéadh ón ríghfhlaith DF.

⁵⁸ Atbert inghen Darena: lathóirt inghean Dhá Neasa DF.

⁵⁹ ar deich mnaibh ar Dasgrena: trí teóra bliadhna rus-beara DF.

1015

co ruc Oscar fa chaem thair⁶⁰
re cochtus re⁶¹ nae mbliadhnaibh.

4. Morfhind⁶² ac Oisín, co beacht,
secht mbliadhna dhi [re draoidheacht]⁶³
[198 v 1] mathair na tri mac [n-]aile
inghen Chualand Chichmhaine.

1020

5. Dualmi inghen Dubhthaigh déin,
mathair Cholla is Chuirc is Cein;
ben Chailti, mac sethar d'Fhind,
ar a bhfil Numa Nuailfhind.

1025

6. Mathair trir fa calma i cath⁶⁴,
Dubhan is Seghda is Sealbach⁶⁵;
cuic⁶⁶ bliadhna ac Diarmuit da deoin,
Dubhindbhir inghen Uairbheoil.

1030

7. Dainne ac Mac Cumail co mblaidh,⁶⁷
ní thuc Find⁶⁸ mnaí na degheidh;
Daolgus ba hainm da hathair,
mac Lir Shidha Findachaidh.

8. Bás Find um Broicc ar ndul di
escar Daire⁶⁹ um Lic nDairi ;

⁶⁰ co ruc Oscar fa Chaem thair: matahir Osgair í dana DF.

⁶¹ re cochtus re: ron-boí ag Oisín DF.

⁶² Morfhind: Muirionn DF.

⁶³ MS illegible, reading from Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, II, p. 58, l. 6

⁶⁴ i cath: in chlann DF.

⁶⁵ Dubhan is Seghda is Sealbach: Connla Aodh & Iollann DF.

⁶⁶ cuic: tri DF.

⁶⁷ co mblaidh: gan oil DF.

⁶⁸ Find: omitted in DF.

⁶⁹ Daire: omitted in DF.

1035

bás⁷⁰ Crimhaill um Loch Dall⁷¹,
taót i cath Chmucha Cumall.

9. Is é sút in fert a bhfuil
Mac Cumail is a athuir;
7 Crimhall, cian ro clos,
7 Daire donnsholus.

1040

10. Truagh mo scarad risin Fhéin,
ferr damh creidem⁷² Dé budhéin;
baithis Crist far cenn ro-lá⁷³
Tailcend, ga ndentar ferta.⁷⁴

Ac so in.

1045

“Tiagham co Ros Da Chon a Fidh Gaibhle,” ar Cailti, 7 tancatar ann. “Maith in t-inad so,” ar sé, “.i. Ros Da Chon, in cúiced ros Eirenn.” Tancatar fon fhidh 7 ro benadh leó caolach in fhedha, 7 do-rónsat fianboth brondfhairsing 7 tucsat fleasc tar féice dhi 7 dlaí didin tairrsi. “Is mithidh duind,” ar Cailti, “sealg do denum. Rachatsa amach,” ar sé.

1050

Táinic Cailti roime do Daire in Branain 7 um Choill Da Shruth. Mar do boí ac an tseilc ro eirgetar na tri fuatha dó, .i. fuath Tighe Mic Nemain 7 fuath Lilchaighi 7 fuath Daire mBranain; clann Colmain Corrghuinidh iatt-sidhe. “Is é so,” ar siat, “in tí ro mharbh ar n-athair-ne. Ocus tabrum uathbás uime, 7 na leicem comrac dó re fher cumtha.” Ro dhealbsat na catha crodha ina timceall co raibh cath dibh ac marbadh a cheile. At-connaire Cailti sin 7 is eadh ro ráidh: “It-bert Patraic rium-sa gan duine mharbadh do denum 7 gan beith a bhfiadh muse fhola do thindsatain.”

1055

At-connuic in cétna, thainic co Daire mBranain 7 ro thuit a cholladh fair co tainic solus trath eirghi arnamharach. Ro éirigh ann sin 7 do-rinde indeonad do breacaibh ann 7 do mhilaibh muighi. Imthúsa Fhindchaidh, ro boí a aonur ind oidhchi sin. Is and sin

⁷⁰ MS has “báss”.

⁷¹ Loch Dall: Loch dha Dall DF.

⁷² creidem: ádhra dh DF.

⁷³ bathis Crisd far cenn ro-lá: mar a rugad Fionn go ngé DF.

⁷⁴ Tailcend ga ndentar ferta : adeirimsi ribh as é DF.

tancatar tri mic Ú Fhlaind, .i. Torman 7 Maol Cian 7 Dubfhlan, co Ros Da Chon, tri
1060 nónbhar ac muicfhiadach. *Ocus* fuaradar slicht na sesca arna buain 7 do-chuatar conuic
in fhiannbhoith, 7 is seadh it-bert Findchadh: “Damad beó Cailti,” ar sé, “ní beindsi am
troscadh.”

Is ann at-chuala in fotrom da indsaidhi 7 is eadh ro ráidh: “Na loitid mhé,” ar se,
“ní fhuil acht iarsma na Feinde Find ann so 7 duine nach coir do marbadh.” “Cé thu?” ar
1065 siat. “Find[cha]dh mac Flaind mhisi,” ar se. “*Ocus* cia sibhsi?” ar sé. “Tri mic [198 v 2]
Ú Fhlaind sindi a Fálmaigh Laighen.” *Ocus* ro indis scela doibh. “Tarr linde,” ar siat, 7
rucsat leó e ar leith éicin a Fid Ghaible. Táinic imorro Cailti roime conuic in fhiannbhoith
7 ní fuair a fer cumtha, 7 ro ghabh ar brón 7 ar gubha. *Ocus* táinic imach 7 tuc a tri hallán
ghotha ós aird 7 fuair slicht na bhfer sechu, 7 ro ghabh ar a lorc, 7 táinic co Druim Da
1070 Mhaighi. “Is é so,” ar sé, “Ferand duthcha Findcadha. *Ocus* ní rachsa da iarraidh. A
braithre fein,” ar sé, “do-rala chuice. Fada festa,” ar se, “bedsa a m’aonur.”

Táinic roime co Druim Gréine, ris a n-abar Druim nDairbrech aníú⁷⁵, a Sencháin,
a Temhair ind Ath Chind Mónadh 7 do Daire in tSeineóin, 7 ó rainic Daire in tSheineoin
it-bert: “Is maith in doire so.” *Ocus* do-chuaidh a medhón na criche 7 ro ben a sciáthan
1075 sealga da mhuin, 7 ro letair in craebh droighin tarrla dó 7 do-rinde [áit?] aithighi dó, 7
seacht ndorais ar in crich. *Ocus* in dorus tar an athaigeadh amach in sechtmad dorus tar
dorus aile ticed amuidh. Do-rinde indli sealga fon cuma cetna. Ro buí tri bliadhna ann
sin.

Brughaidh cetach ro buí i crich Midhi. Brocán Brugadh a ainm. Táinic bás dó. Ro
1080 bhuí righ Midhi ac iarraidh shét 7 mhaine ar tri macaibh Brogain, .i. Eoghan 7 Illann
Aonghus a n-anmanna. Sammach inghen Cholgain mic Aodha mic Fhiachna [m]⁷⁶ic
[Ro]⁷⁷nain a mathair. *Ocus* tucstar righ Midhi a crodh fein di 7 ro b[hoi an tre]⁷⁸as mac
dibh ina laimh, .i. Aonghus, 7 ro morad accu Dun Samnaighi. Secht n-airghedha aicci 7
secht fichit bó cachha hairghe. *Ocus* rucsat na mic sin a mbrathair o righ Midhi 7 do-
1085 chuadar fó dhuthairibh dheiscert Breadh, ar fodhail re tri bliadhnaibh, 7 baile cachha n-
oidhchi d’argain doibh.

⁷⁵ MS has “andhiú”.

⁷⁶ MS illegible, reading based on Ní Shéaghda, *Agallamh na Seanórach*, III, p. 166, l. 19.

⁷⁷ *ibid.*, p. 166, l. 19.

⁷⁸ *ibid.*, p. 166, l. 21.

Táinic bás Tuathail Mhaoilgairbh foi sin 7 ro ghabhustar Diarmuit mac Cerbaill
 righe nEirenn, 7 tancatar na tri nónbhair sin, ro badar ar fodhail, co Daire in tSeineoin, 7
 ro-ghmíd fiannboth ann. Do-chuadar oidhchi ar fodhail bhaile, cur ro airgset iter míl 7
 1090 duine iat. Ocus ac impodh doibh do-chuaidh Aonghus, in mac ba só, d'fhodhail ar leith, 7
 tancadar in dias aile conuic in fhianbhoith. Ocus tainic Cailti asa fhiannbhoith fein
 amach 7 tainic laim re fiannboith mac mBrocáin. "Both fhoghladha so," ar sé. Is ann at-
 cuala in da mac bá sine ac tabhairt achmusain don mac bá só. "Ca dluidh dúitsi," ar siat,
 "ar n-imarcraidhne do denum." "Cora damsá," ar sé, "in tí ris a ndiallaimsi," ar sé, ".i. re
 1095 Cailti mac Ronain. Is sé is beodha tháinic a nEirinn, 7 ní re muindtir bar mathar
 díaltaisi." Tainic Cailti chuca fan comradh sin 7 ro ghabhsat a n-arma. [199 r 1] "A
 fhiru," ar Cailti, "ní harracht na urchóit mhisi acht Cailti mac Ronain." Ocus ro shuidh
 acco. "Ce sibhsi, a fhiru?" ar sé. "Tri mic Brógain 7 Samnatan ingine Colgain mic Aodha
 mic Fhiachna mhic Ronain." Ocus ro indsetar adhbar a fhodhla. At-bert Cailti: "Ticidh
 1100 lemsa 7 bíthi ar mo comairle." Ocus tuc leis iat conic a fhiannbhoith fein. "Is glic amh,"
 ar siat, "ata so." Ro thuillset a tri naonbhair isin dara leith di 7 Cailti namá isin leith aile.
 Ocus badar raithe mar sin. Adubairt Diarmuit mac Cerbaill, righ Eirenn: "Tabraidh tri
 mic Brogáin chucum." Tucad 7 do-rindedh a sigh, 7 tucad a crich fein doibh.

Tancatar ar cend Chailti iar sin 7 it-bert Cailti na rachadh acht do raghadh do dún
 1105 Samhnaighi, a shethar, 7 tucsat leó é co hEas Dubhthaiti. Badar ind oidhchi sin ann.
 Tancatar co Cuncha 7 tancatar lucht na criche 7 a n-aos ciúil 7 a righe 7 a fhlaithi da n-
 indsaidhi le hingantus in fhir mhoir leo. Ro gabhsatar imchomharc 7 ar fhiarfaidhi scel
 de: "Cidh ara bhfuil Cuncha ar in inadh so?" ocus "In ann so tucad Cath Cuncha?" ocus
 "Caidhi ais Fhind in tan tucadh in cath sin?" ocus "Ca mhét righ tarrngair Find ar
 1110 Eirinn?" ocus "Cía ro roind Ére re Conn?" "Léicidh suidhi dhamh," ar sé, 7 do-roine in
 laidh:⁷⁹

1. Cuncha,⁸⁰ cnoc os cind⁸¹ Life,
 ro boí uair ba hairithe;

⁷⁹ Variant readings of this poem have been given from the poem "Cnucha II" from the *Metrical Dindshenchas (MDs)* (Edward Gwynn, *The Metrical Dindshenchas – Part IV* (Dublin: DIAS, 1991, reprint of 1935), p. 266) The six verses of the poem in MDs correspond to verses 1, 4, 5, 6, and 7 here; the last verse from MDs does not occur here.

⁸⁰ Cuncha: Cnucha MDs

⁸¹ cind: lind MDs

1115

bá dún aíghedh ro bhuí tan,
an uair buí⁸² ac Tuathal Teachtmhar.

2. Tuathal ar tús ro thocaibh

ba dún rígh, bá ríghobair;
ní bhui ach Temhuir tech bad fherr
bad annsa lé rígh Eirenn.

1120

3. Feidlimidh ros gabh iar sin,

mac Tuathail mhic Fheradhaigh;
Cond mac Feidlimid, flaith Fáil,
ro bhui isin tulaigh tonnabháin.

1125

4. 'Fertt in Druagh' a ainm reime,

co⁸³ cet reimes Iughaine ;
co reimes Chuind i Cnuc Brain,
co tainic inghen Chomaidh.

1130

5. Muime Chuind, no charadh raind,

ba hi Cuncha⁸⁴ chend alaind;
ro bhoi sa dún bha cathaibh⁸⁵
re reimes Chuind cet cathaigh.

6. Cuncha⁸⁶ inghen Chonaidh Chais,

a hiath Luimnigh, lethanghlais;
do-chuaidh écc thall⁸⁷ ina thigh,

⁸² an uair buí: dia rabi MDs

⁸³ co: ri MDs

⁸⁴ Cuncha: Cnucha MDs

⁸⁵ bha cathaibh: fo dathaibh MDs

⁸⁶ Cuncha: Cnucha MDs

⁸⁷ thall ina thigh: do thám 'na tig MDs

1135 do bo gráin⁸⁸ le Gaeidhealaibh.

7. Adhmacht in bhen, gerbó brón,
isin chnuc na chert-mhedón;
conadh Cuncha,⁸⁹ o sin amach,
a hainm co tí in brath breathach.⁹⁰

1140 8. Ann do-ratad in gleó garbh
bhail a bhfuilit in da charnn
and ro comhraicset na slóigh.
dar ghaót Cumall mac Trenmhóir.

1145 9. Tri trath re cur in chatha
co impert mic ind ardflatha;
do-rala Find, fichtibh gal,
do Mhuirn a Sídh na hAlmhan.

1150 10. Sealat bec a haithle ind air
ro bo shighaidh flatha Fáil;
roindset Eirinn, leth ar leth,
Conn 7 Eoghun Taighlech.

1155 11. [Le]th⁹¹ Modha ac Modh Nuagad nár
Leth Cuind ac Conn co comlán;
re nae mbliadhnaibh sigh gan mheirg,
[go di]th⁹² Labradha Laimhdheircc.

⁸⁸ gráin: gád MDs

⁸⁹ Cuncha: Cnucha MDs

⁹⁰ a hainm co tí in brath breathach: a chomainm co bráth mbrethach MDs

⁹¹ MS illegible, reading based on Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, III, p. 171, l. 17 ("leath").

⁹² *ibid.*, p. 171, l. 20.

12. [Labraidh La]⁹³*imderg*, *laoch* nat gann,
mac *sidhi* *athaigh* Eirenn;
torchair le Maol mac *Mongaidh*
fescur i cath *Dubhcomair*.

1160

13. [199 r 2] *Tinoilset* Leth *Modha* amach
le hEoghan *taobhghlan* *Taoidhlech*
7 Find lé Conn, gan *cheilg*,
tri dhíth *Labradha* *Laimdheirg*.

1165

14. *Comhruicset* a Maigh Léna
co na cathaibh *coimhtréna*;
Modh Nuadhat do-rochair de,
lé tri macaibh *Feidhlime*.

1170

15. Leth Cuind is Leth *Modha* móir
tathaighis Conn a *chétoir* ;
re fichit *bliadhan* gan brath,
cor marb *Tipraiti* *Tireach*.

1175

16. *Tipraiti* *Tirech*, bá tend,
leis do-rochair Conn *caoimsheng*;
do-rochair le righ *Ulad*,
rí *Temhrach* na *trénchumal*.

17. *Tipraiti* is *Conaire* caom,
secht m*bliadhna* a *cosnum* mar aon;
cor brisi[o]dh cath and, rob ail,
ar righ *Ulad* *gerbh* *etaigh*.

⁹³ MS illegible, reading based on Ní Shéaghda, *Agallamh na Seanórach, III*, p. 171, l. 21.

- 1180 18. Iar sin bá rí i *Temhraigh* truim,
mac *Modha Lamha laoch luind*;
re *hocht mbliadhnaibh* gan *mheabhail*
ríghí *Conaire cnedhaigh*.
- 1185 19. Re lind *Conaire*, bu *dhes*,
a *crích Muman* na morles,
fa *marb Neimedh cona neim*
ar faichthe *Arda Neimidh*.
- 1190 20. Ceitri bliadhna d'Art Aoinfer
a[c] *cosnum indsi Gaoidheal*;
ní raibhe bliadhain cen *chath*,
co ro ghiallad tuir *Themhrach*.
- 1195 21. Deich mbliadhna fichit ar sin
